C/2023/862

8.12.2023

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — ‘Polaitíocht an uisce: ó ghaineamhlú go slándáil – tá ré na taidhleoireachta goirme linn’

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2023/862)

Rapóirtéir: **Ioannis VARDAKASTANIS**

Comhrapóirtéir: **Milena ANGELOVA**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	24.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	18.7.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	581
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	223/1/4

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Ós rud é go bhfuil an t-uisce fite fuaite i ngach gné den saol agus gur fadhb dhomhanda é an ganntanas uisce, is cur chuige coiteann cuimsitheach ar scála domhanda atá ag teastáil. Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ag iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí cur chuige an chumarphointe ([1]) i bhfeidhm go fada fairsing agus tá sé den tuairim gur cheart taithí agus dea-chleachtais na mBallstát, na ngnólachtaí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na bpobal áitiúil a chur san áireamh go huile i bhforbairt agus cur chun feidhme na taidhleoireachta goirme.

1.2. Mar gheall ar an méadú ar an nganntanas domhanda uisce, tuigtear maidir leis an uisce gur sócmhainn straitéiseach slándála é, a thugann buntáiste do na stáit sin atá i gceannas air. Chuige sin, ba cheart don Aontas Eorpach iarrachtaí breise a dhíriú ar an taidhleoireacht ghorm agus í a chur san áireamh sa bheartas eachtrach agus sa chaidreamh seachtrach, lena n-áirítear an beartas comharsanachta agus na beartais trádála agus forbartha. Sa Tuarascáil maidir le Rioscaí Domhanda de chuid an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda aithnítear go bhfuil an ganntanas uisce ar cheann de na bagairtí is dóchúla agus is mó tionchar a bheidh ann. Mar sin féin, d’fhéadfadh an t-uisce a bheith ina uirlis síochána agus forbartha sna blianta amach romhainn. Beidh beart diongbháilte ag teastáil i réimse na taidhleoireachta goirme dá bhrí sin.

1.3. Ós rud é go bhfuil tionchar mór ag an athrú aeráide ar dhálaí uisce, tá dlúthnasc idir an taidhleoireacht aeráide agus an taidhleoireacht ghorm. Cé go ndíríonn an tAontas den chuid is mó ar chur chun cinn na gníomhaíochta domhanda maidir leis an athrú aeráide a chomhrac, ní mór dó díriú freisin ar an gcomhar chun dul i ngleic le hiarmhairtí na géarchéime aeráide, faoi chuimsiú na straitéise um an oiriúnú. Tá dlúthnasc freisin idir an taidhleoireacht ghorm agus taidhleoireacht sláinte an Aontais, ós rud é go bhfuil seirbhísí fónta, so-rochtana agus inacmhainne uisce, sláintíochta agus sláinteachais ríthábhachtach don tsláinte phoiblí agus d’fhorbairt an duine.

1.4. Ní gnáth-thráchtearra é an t-uisce; is earra poiblí é agus ní mhairfidh an duine dá uireasa. Ba cheart don Aontas tacú le rochtain éasca leanúnach ag cách ar uisce inacmhainne ar fud an domhain, agus bainistiú inbhuanaithe an uisce agus an fhuíolluisce a éascú tríd an gcomhar i réimsí an bhonneagair, na dteicneolaíochtaí agus an tsaineolais mar chuid de chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus den chomhar um fhorbairt. Is uirlis den scoth i ndáil leis sin é Global Gateway ([2]), go háirithe nuair a chuirtear san áireamh cuspóirí na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Eacnamaíoch ([3]) agus an tosaíocht comhpháirtíochtaí a chur ar bun le tíortha eile ar fud an domhain agus an comhar leo a neartú tuilleadh.

([1]) Arna thabhairt isteach le creat gníomhaíochta 2030 bheartas uisce an Aontais don Réigiún Meánmhuirí.
([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Tairseach Dhomhanda (Tuairim féintionscnaimh) (JOIN (2021) 30 final) (IO C 323, 26.8.2022, lch. 27).
([3]) JOIN(2023) 20 final, an Bhruiséil, an 20.6.2023.

1.5. Chun rochtain chothrom ar uisce glan agus sláintíocht a áirithiú go hidirnáisiúnta don uile dhuine ar domhan, is gá go ndéanfar an cistiú iomchuí – poiblí agus príobháideach – a leithdháileadh ar fheabhsú na saoráidí agus an bhonneagair atá ann cheana, agus ar shaoráidí agus bonneagar nua a thógáil. Chun feabhas a chur ar an mbainistiú uisce, ní mór infheistíocht a dhéanamh sa taighde, sa nuálaíocht agus sa chomhroinnt eolais, agus i gcur in úsáid teicneolaíochtaí nua agus ardteicneolaíochtaí, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha i réimse an uisce. Éilíonn sé freisin feabhas a chur ar an mbonneagar le haghaidh rialú tuilte agus caomhnú uisce. Ní mór aird ar leith a thabhairt freisin ar na bearta idirnáisiúnta trína n-áirithítear slándáil an bhonneagair chriticiúil, lena n-áirítear an chibearshlándáil agus slándáil in aghaidh tubaistí nádúrtha agus ionsaithe fisiciúla, rud a léiríodh i gcoinbhleachtaí a bhí ann le déanaí.

1.6. Ba cheart don Aontas feasacht a mhúscailt maidir le ról ríthábhachtach an uisce agus cur leis an tuiscint ar na naisc idir róil éagsúla an uisce agus idirspleáchais na ngníomhaithe éagsúla. Ba cheart Lárionad Eorpach Uisce a bhunú chun cabhrú leis na Ballstáit agus le tíortha eile atá i ngátar i gcomharsanacht na hEorpa agus níos faide i gcéin.

1.7. Ba cheart don Lárionad Eorpach Uisce aird a tharraingt ar chásanna de chomhar den scoth idir Ballstáit a bhfuil rochtain acu i gcomhpháirt ar aibhneacha agus lochanna, agus ar na cásanna sin den comhar atá faoi bhun an leibhéil inmhianaithe, agus uirlisí beartais a mholadh chun cuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghoirm a chur chun cinn.

1.8. Ba cheart don Aontas líonraí taidhleoireachta goirme a fheabhsú agus a éascú freisin, ag cur san áireamh go mbíonn comhar idir gníomhaithe éagsúla ag teastáil don taidhleoireacht ghorm – ionadaithe rialtais, údaráis uisce agus gníomhaireachtaí uisce, lucht acadúil agus institiúidí taighde, an earnáil phríobháideach, na comhpháirtíochtaí sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

1.9. Ba cheart don Aontas ionstraimí speisialta a fhorbairt chun comhar agus beartais chomhpháirteacha maidir leis an mbainistiú uisce a chur chun cinn in imchuacha trasteorann lochanna agus in abhantracha trasteorann, bídís laistigh de theorainneacha an Aontais nó lasmuigh díobh.

1.10. Ba cheart don Aontas cosaint na mbogach agus na bithéagsúlachta a chur san áireamh mar chuid riachtanach den taidhleoireacht ghorm. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí iad a chomhtháthú i dtosaíochtaí straitéiseacha na taidhleoireachta goirme.

1.11. Ba cheart bainistiú inbhuanaithe na n-aibhneacha, na lochanna agus na mbogach trasteorann in oirdheisceart na hEorpa a bheith ina thosaíocht, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé sin do chosaint na bithéagsúlachta san Eoraip.

1.12. I bhfianaise eachtraí idirnáisiúnta a thit amach le déanaí, agus na ngéarchéimeanna aeráide agus uisce, tá CESE go láidir ar son uasghrádú chreat-chonradh na Náisiún Aontaithe um shaincheisteanna uisce a bheith ar cheann de phríomhaidhmeanna straitéiseacha na taidhleoireachta goirme.

1.13. Cé gurb é príomhchuspóir na taidhleoireachta goirme cosc a chur ar theannas agus coinbhleachtaí maidir le huisce, is léir nach mór don Aontas rannchuidiú freisin le coinbhleachtaí a réiteach. Ní hamháin gur deis don Aontas é gníomhú mar idirghabhálaí idir na páirtithe sna coinbhleachtaí, ach d'fhéadfadh ról suntasach comhair a bheith ag an Aontas freisin sa téarnamh ó choinbhleachtaí.

1.14. Tá CESE den tuairim gur cheart bearta breise a dhéanamh le nach mbainfear leas as an uisce mar uirlis troda, rud a tugadh faoi deara arís i gcoinbhleachtaí le déanaí – go háirithe géarchéim Nova Kakhovka –, agus go bhfuil anailís fós le déanamh ar na héifeachtaí díobhálacha sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhíonn ag na coinbhleachtaí sin.

1.15. Cuireann CESE i bhfáth a riachtanaí atá sé go mbainfeadh an tAontas leas gníomhach as a chuid acmhainneachta mar chrann taca na síochána agus na hinbhuanaitheachta, agus go spreagfadh sé nuáil agus athrú sa réigiún Meánmhuirí agus i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh (MENA), dhá réigiún ina mbíonn uiscí trasteorann ina n-ábhar díospóide go minic, rud a chuireann leis an athrú aeráide agus an gaineamhlú. Chuige sin, ba cheart obair an Aontais don Réigiún Meánmhuirí (UfM), agus an Ghrúpa Saineolaithe Uisce atá mar chuid den Aontas sin, a mholadh agus comhar agus sineirgí níos dlúithe a fhorbairt.

1.16. Is díol sásaimh do CESE na gealltanais dheonacha a thug an tAontas Eorpach le linn Chomhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe agus iarrann sé ar an Aontas úsáid bhreise a bhaint as na hionstraimí beartais atá aige cheana chun réitigh éifeachtacha agus éifeachtúla a lorg san fhadtéarma.

1.17. D'fhéadfaí tacú le comhtháthú breise in imchuach na Meánmhara trí straitéis mhacrairéigiúnach ar scála Meánmhuirí, bunaithe ar na prionsabail a leanas: cur chuige céim ar chéim agus deonach, rialachas il-leibhéil comhroinnte agus geoiméadracht athraitheach de réir riachtanais agus sainiúlachtaí réigiúnacha. Mar chomhlánú ar na creataí, na tionscnaimh agus na cláir atá i bhfeidhm cheana féin sa réimse, thabharfadh straitéis mhacrairéigiúnach uileghabhálach deis le haghaidh comhleanúnachas agus comhtháthú breise idir na gníomhaíochtaí sin atá i bhfeidhm cheana féin, agus deis freisin le haghaidh comhlántachta, réasúnacht bhreise maidir le húsáid acmhainní agus obair chomhpháirteach éifeachtúil chun teacht ar chomhthuiscint ar mhaithe le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil agus réitigh ar dhúshláin chomhroinnte.

1.18. Ba cheart don taidhleoireacht ghorm tosaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt i réigiúin inar rud coitianta iad an strus maidir le huisce agus coinbhleachtaí a bhaineann le huisce, amhail an réigiún Meánmhuirí agus réigiún MENA, dhá réigiún ina bhfuil dúshláin uisce de chineál nach bhfacthas a leithéid cheana le sárú ag Ballstáit den Aontas Eorpach agus stáit nach Ballstáit iad araon. Beidh sé ríthábhachtach, i bhfianaise a ghéire atá an strus maidir le huisce, gné shoiléir Mheánmhuirí a fhorbairt mar chuid den Chomhaontú Gorm agus gné uisce a bheith san fhócas ar réigiún MENA.

1.19. Ba cheart don taidhleoireacht ghorm díriú go speisialta ar an staid san Afraic fho-Shahárach, go háirithe i réigiúin chomharsanacha na Saiheile, Chorn na hAfraice, abhantracha trasteorann na Níle, na Nígire agus an Chongó, agus imchuacha trasteorann na Mór-Lochanna agus Loch Shead, agus ar uirlisí réamhghníomhacha a fhorbairt chun an méadú ar shreafaí imirce i dtreo an Aontais Eorpaigh de dheasca géarchéim uisce a chosc.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. As na hacmhainní nádúrtha go léir, is é an t-uisce an acmhainn is luachmhaire. Cruthaíonn an ganntanas domhanda uisce deacrachtaí d'fhorbairt leanúnach an chine dhaonna, agus deacrachtaí le roinnt spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. In ainneoin gur uisce atá i dtrí cheathrú dár bpláinéad, is uisce neamh-inúsáidte atá sa chuid is mó den fhlúirse uisce ar Domhan, agus níl ach 2,5 % de ina fhionnuisce, agus gan ach níos lú ná 1 % de atá so-rochtana. Thairis sin, tá ag laghdú go leanúnach ar na dobharlaigh ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de.

2.2. Tá sé tugtha le fios ag CESE nach gnáth-thráchtearra é an t-uisce, ach gur earra poiblí é agus nach mairfidh an duine dá uireasa. Rochtain éasca agus inacmhainne ag cách ar uisce, sláintíocht agus sláinteachas, sin rud atá ríthábhachtach don tsláinte phoiblí agus d'fhorbairt an chine dhaonna. In 2010, d'admhaigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe go sainráite go bhfuil uisce agus sláintíocht ina gcearta ag cách, agus in 2020 formhuiníodh le rún 43/32 ón gComhairle um Chearta an Duine, i gcomhthéacs na coinbhleachta idir an Phalaistín agus Iosrael, gur den tábhacht é go ráthófaí an ceart chun rochtain a fháil ar uisce le linn coinbhleachta. Mar sin féin, tá thart ar 2,2 billiún duine ar fud an domhain gan rochtain ar uisce óil ná ar bhunseirbhísí uisce faoi láthair, agus tá breis is leath an daonra ar domhan gan rochtain ar shláintíocht shábháilte.

2.3. Tá 30 % de screamhuisce an domhain á ídiú faoi láthair, agus an imní faoi chaighdeán an screamhuisce ag dul i méid. Tá thart ar 3,6 billiún duine a mbíonn rochtain neamhleor acu ar uisce ar feadh mí amháin ar a laghad gach bliain, agus meastar go méadóidh a líon go breis is 5 bhilliún faoin mbliain 2050. Táthar ag dréim le méadú 55 % ar an éileamh ar uisce faoi 2050, agus meastar go mbeidh thart ar thrian den daonra ar domhan nach mbeidh rochtain acu ar uisce óil ar ardchaighdeán.

2.4. De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, bíonn strus maidir le huisce ann sa chás gur mó an t-éileamh ar an uisce ná an braon a bhíonn ar fáil le linn tréimhse faoi leith, nó nuair a chuirtear srian le húsáid an uisce de dheasca dhroch-chaighdeán an uisce. Ós rud é go bhfuil daonra an domhain ag dul i méid i gcónaí agus go bhfuil an ganntanas uisce ag éirí níos measa, ní deacair a thuar go mbeidh coinbhleachtaí agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil maidir le huisce in áiteanna éagsúla ar domhan.

2.5. Baineann gné láidir inscne agus shóisialta freisin le saincheisteanna a bhaineann le huisce, sláintíocht agus sláinteachas. Ceal bainistiú sábháilte na seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais is mó an seans go mbeidh mná, cailíní agus leanaí i mbaol mí-úsáide, ionsaithe agus galar, rud a dhéanann difear dá gcumas staidéar agus obair a dhéanamh agus maireachtáil faoi dhínit. Aithnítear go forleathan go mbíonn tionchar díréireach ag easpa seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais ar mhná agus ar chailíní, cé gur minic a nguthanna in easnamh agus nach gcuirtear a riachtanais san áireamh le linn beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme, rud a fhágann go mbeifear á n-imeallú i gcónaí.

2.6. Ní mór na seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais a bheith níos cuimsithí ar bhonn domhanda, agus ó thaobh inrochtaineachta de i gcás daoine faoi mhíchumas. D'fhéadfadh bacainní sóisialta agus fisiciúla an bonn a bhaint de shláinte agus de dhínit na ndaoine faoi mhíchumas, agus d'fhéadfadh easpa saoráidí oiriúnacha difear thairis sin a dhéanamh do chaidrimh, do líon na scoláirí ar an rolla agus d'fhostaíocht. Tá feidhm aige sin freisin maidir le grúpaí leochaileacha eile.

2.7. Mar acmhainn thrasearnálach, tá an fionnuisce bunriachtanach freisin i gcás réimse leathan earnálacha eacnamaíocha, lena n-áirítear an talmhaíocht, an tionsclaíocht, an turasóireacht, an fuinneamh agus an t-iompar. Fágann sin go gcuireann an t-uisce go mór le cruthú rachmais agus fostaíochta. D'fhéadfadh laghdú suas le 6 % den olltáirgeacht intíre (OTI) a theacht faoi 2050 ar rátaí fáis na réigiún sin is mó atá thíos le ganntanas uisce.

2.8. Cuireann an strus maidir le huisce athléimneacht roinnt limistéar ar domhan i mbaol, spreagann sé éagothromaíochtaí agus cothaíonn sé imní maidir le slándáil an tsoláthair bia. De dheasca an struis maidir le huisce agus de thoradh gaineamhlú, is minic is gá an soláthar uisce a chosaint. Cothaíonn rochtain éagothrom ar uisce éagobhsaíocht shóisialta, rud a chruthaíonn coinbhleachtaí agus teannas áitiúil agus idirnáisiúnta. Arís eile, is iad na daoine is boichte is measa a bhfuil strus maidir le huisce agus gaineamhlú ag déanamh buartha dóibh. Ó 2010 i leith, bhí breis is 466 choinbhleacht ann in áiteanna éagsúla ar domhan de bharr rialú an uisce, agus is san Afraic agus sa Mheánoirthear a bhí a bhformhór. D'fhéadfadh cogaíocht agus breis imirce chuig tíortha an Tuaiscirt, an tAontas Eorpach go háirithe, a bheith mar thoradh air sin freisin.

2.9. Tá an t-athrú aeráide freisin ag cur le minicíocht, déine, méid agus fad na dtriomach in an-chuid áiteanna ar domhan. De réir na réamhaisnéisí, d'fhéadfadh triomaigh difear a dhéanamh do bhreis is trí cheathrú de dhaonra an domhain faoi 2050 ([4]). I dtuarascálacha éagsúla ó na Náisiúin Aontaithe, tugtar le fios go dtabharfar ar thart ar bhilliún duine dul ar imirce faoi 2050 de bharr fadhbanna agus coinbhleachtaí uisce agus aeráide. I dtíortha an Deiscirt go háirithe, bíonn an rochtain ar uisce srianta go mór. Is rud é a spreagfaidh easáitiú breise agus imirce i dtreo thíortha an Tuaiscirt. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go rachfar i ngleic leis na bunchúiseanna (lena n-áirítear ganntanas uisce), de rogha ar ghníomhú i gcoinne na ndídeanaithe féin, chun srian a chur leis.

2.10. Is minic nasc idir coinbhleachtaí agus atreorú an tsoláthair uisce ar mhaithe le huisciú nó tionsclaíocht, bainistiú ganntanais agus tuilte, truailliú, nó loingseoireacht. Mar sin féin, tá coinbhleachtaí mar gheall ar an rochtain ar acmhainní uisce agus rialú na n-acmhainní sin ag tarlú cheana féin ar fud na cruinne mar thoradh ar an strus maidir le huisce de dheasca teagmhais fhoircneacha agus de dheasca an ganntanas uisce a bheith ag dul in olcas. Cuirfear leis an staid sin de bharr na géarchéime aeráide. I mórán cásanna, ós rud é gur uiscí trasteorann iad 60 % de na sreafaí fionnuisce ar domhan agus go bhfuil 153 thír a bhfuil críoch acu atá laistigh d'abhantrach trasteorann nó d'imchuach trasteorann amháin ar a laghad, bíonn dhá thír nó níos mó i gceist sna coinbhleachtaí nó díospóidí sin. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh uirlisí ann chun dul i ngleic leis an nganntanas uisce ar bhonn domhanda agus coinbhleachtaí a chosc.

2.11. Tá na páirtithe i gcoinbhleachtaí ag déanamh uirlis troda den uisce níos mó ná riamh, go háirithe sa Mheánoirthear. Sampla de is ea an Cogadh Cathartha sa tSiria. Rinne Rialtas na Siria an soláthar uisce a ghearradh ar na milliúin sibhialtach, is minic a rinne ISIS uisce a cheilt ar phobail faoina smacht agus cuireadh i leith na Tuirce gur chuir sí stop le hoibríochtaí stáisiún uisce Alouk. I mí Eanáir 2022, bhuamáil an Rúis stáisiún uisce in Idlib ([5]).

2.12. Ar an drochuair, baineadh úsáid as coinneáil uisce nó éilliú uisce mar uirlis chogaidh, mar a chonacthas in ionradh na Rúise ar an Úcráin le déanaí ([6]). I gcathair Mariupol, chuir fórsaí armtha na Rúise deireadh d'aon turas le rochtain an phobail Úcránaigh ar uisce óil, agus bhain siad leas as bagairt díhiodráitithe chun iallach a chur ar an bpobal géilleadh, agus dhiúltaigh siad rochtain ar na riachtanais ba bhunúsaí. Is measa fós an ghéarchéim fhoriomlán mar gheall ar scriosadh dhamba Nova Kakhovka.

3. **Gníomhaíocht agus bearta beartais i gcás na taidhleoireachta goirme**

3.1. Tá ganntanas uisce, an teannas a bhaineann leis agus an úsáid a bhaintear as mar uirlis troda ag dul i méid mar bhagairt ar an tsíocháin agus ar an gcobhsaíocht idirnáisiúnta. Mar sin féin, d'fhéadfadh an t-uisce a bheith ina uirlis síochána agus forbartha sna blianta amach romhainn. Beidh beart diongbháilte ag teastáil i réimse na taidhleoireachta goirme dá bhrí sin.

3.2. Maidir leis an taidhleoireacht ghorm (a dtugtar taidhleoireacht uisce uirthi freisin), tuairiscíodh gur próiseas dinimiciúil í a dhíríonn ar an bpolaitíocht chun teannas maidir le huisce i ndobharlaigh chomhroinnte a chosc, a mhaolú agus a réiteach trí uirlisí taidhleoireachta, fios gnó a bhaineann le huisce agus sásraí comhair a chur ag obair i gcomhthráth ar fud rianta taidhleoireachta éagsúla ([7]).

([4]) https://www.un.org/en/observances/desertification-day
([5]) https://syriaaccountability.org/too-little-water-too-much-war-wheat-shortages-in-syria/
([6]) https://www.unicef.org/press-releases/14-million-people-without-running-water-across-war-affected-eastern-ukraine
([7]) Keskinen et. al. 2021, https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0022169421007873.

3.3. Is léir ó na dúshláin a bhaineann le huisce a thábhachtaí atá struchtúir rialachais idirnáisiúnta chun acmhainní uisce a bhainistiú agus teannas a bhaineann le huisce a chosc. Ní minic a bhíonn deis ann, mar a bhí ag Comhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe ([8]) le déanaí, chun na páirtithe uile lena mbaineann a shlógadh agus faisnéis a chomhroinnt maidir leis na dea-chleachtais agus na gníomhaíochtaí a rinneadh cheana, agus maidir le tiomantas deonach chun gníomhaíocht bhreise a dhéanamh ([9]). Is dóigh le CESE go mbeidh sé tábhachtach comhar domhanda leanúnach a áirithiú maidir leis an ngné sin agus maidir leis na cuspóirí agus na spriocanna a leagadh síos go dtí seo a chur chun feidhme go hiomchuí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar struchtúir rialachais réigiúnacha a fhorbairt trína ndíreofar ar abhantracha trasteorann agus ar imchuacha lochanna trasteorann.

3.4. Is ionstraimí dlí idirnáisiúnta uathúla iad Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún Uisce) ([10]), a glacadh i Heilsincí in 1992, agus Coinbhinsiún 1997 maidir le Dlí na nÚsáidí Neamh-Loingseoireachta de Shruthchúrsaí Idirnáisiúnta ([11]), a bhfuil aidhm thábhachtach acu, mar atá, úsáid inbhuanaithe acmhainní uisce trasteorann a áirithiú tríd an gcomhar. Lena chois sin, is uirlisí tábhachtacha iad comhaontuithe idirnáisiúnta amhail an Prótacal maidir le hUisce agus Sláinte ([12]) agus Conradh na Náisiún Aontaithe maidir leis an Mórmhuir a comhaontaíodh le déanaí agus is den riachtanas iad a chur chun feidhme go hiomlán agus go pras.

3.5. Le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe tugtar treoirlínte fiúntacha faoin tslí a bhféadfaí an taidhleoireacht ghorm a fhorbairt ar bhonn domhanda. Díríonn SDG 6 go háirithe ar uisce glan agus ar shláintíocht, lena n-áirítear, *inter alia*, spriocanna le haghaidh bainistiú uisce trasteorann agus le haghaidh comhar idirnáisiúnta. I bhfianaise a phráinní atá sé SDG 6, a spriocanna, agus, ar bhonn níos ginearálta, Comhaontú Pháras, a chur chun feidhme go tráthúil, d'fhéadfadh Global Gateway agus an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta a bheith ina n-ionstraimí nithiúla agus éifeachtacha i ndáil leis.

3.6. Ba cheart cosc ar fhadhbanna agus ar theannas a bhaineann le huisce a áireamh ar an ngníomhaíocht is tábhachtaí den taidhleoireacht ghorm. Chuige sin, ba cheart don Aontas rannchuidiú le bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní uisce ar scála domhanda. Aithnítear gur príomhphróisis iad an rialachas uisce agus ról an Bhainistithe Chomhtháite Acmhainní Uisce chun an t-uisce, an talamh agus acmhainní gaolmhara a fhorbairt ar bhonn comhordaithe agus chun iad a bhainistiú.

3.7. Beidh ríthábhacht freisin le beartais idirnáisiúnta a fhorbairt chun úsáid spárálach agus éifeachtúil an uisce a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar agus den tsochaí, chun truailliú screamhuiscí agus uiscí dromchla a laghdú, agus uiscí truaillithe agus díghrádaithe a athbhunú.

3.8. Maidir leis an nasc idir an aeráid agus an t-uisce, tá an-tábhacht ag baint le hobair na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta agus is fiú go mór í, ós rud é go ndéanann sí tionscadail comhair réigiúnaigh thábhachtacha – e.g. faireachán agus bainistiú sonraí, déileáil le córais réamhrabhaidh agus anailís ar athruithe aeráide agus ar a n-éifeachtaí ar an uisce, ar gnéithe tábhachtacha den taidhleoireacht ghorm iad uile – a eagrú, a chur chun cinn agus a luathú.

3.9. Tá nasc idir acmhainní uisce agus cosaint na bithéagsúlachta freisin. Cé go bhfuil ríthábhacht leis an uisce chun na próisis nádúrtha a chothabháil agus éiceachórais rathúla agus sláintiúla a chothú, tugann talamh sláintiúil agus éiceachórais shláintiúla stóráil fhadtéarmach nádúrtha le haghaidh fionnuisce. Tabharfaidh bainistiú feabhsaithe na talún agus na gcóras uisceach, agus a n-athbhunú, réitigh inbhuanaithe le haghaidh bainistiú uisce, réitigh a d'fhéadfaí a chur in úsáid go tapa, ar chostas réasúnta íseal agus gan mórán ag teastáil ó thaobh teicneolaíochta de.

3.10. Ina theannta sin, tá dlúthnasc freisin idir an taidhleoireacht ghorm agus taidhleoireacht sláinte an Aontais Eorpaigh, sa mhéid gur bunriachtanas le haghaidh sláinte phoiblí iad seirbhísí fónta uisce, sláintíochta agus sláinteachais. Ós rud é gur leas poiblí é an t-uisce, tá ríthábhacht le bonneagar agus saoráidí poiblí fónta a áirithiú, chun go mbeidh rochtain ag cách ar uisce atá glan, sábháilte agus inacmhainne. Ba cheart aird chuí a dhíriú freisin ar bhainistiú iomchuí an fhuíolluisce.

3.11. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas tacú le rochtain dhomhanda ag cách ar uisce inacmhainne agus bainistiú inbhuanaithe an uisce a éascú tríd an gcomhar i réimsí an bhonneagair, na dteicneolaíochtaí agus an tsaineolais mar chuid de chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus den chomhar um fhorbairt. Is uirlis den scoth é Global Gateway i ndáil leis sin ([13]).

([8]) https://sdgs.un.org/conferences/water2023.
([9]) https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7443-2023-INIT/en/pdf
([10]) https://treaties.un.org/Pages/ViewDetails.aspx?src=IND&mtdsg_no=XXVII-5&chapter=27&clang=_en
([11]) https://unece.org/environment-policy/water/un-watercourses-convention
([12]) https://unece.org/environment-policy/water/protocol-on-water-and-health/about-the-protocol/introduction
([13]) https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/stronger-europe-world/global-gateway_ga

3.12. Chun rochtain chothrom ar uisce glan a áirithiú don daonra uile ar domhan, is coinníoll bunúsach é go ndéanfaí an cistiú ceart a leithdháileadh ar fheabhsú saoráidí agus bonneagair atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, ar thógáil saoráidí agus bonneagair nua. Beidh cistiú poiblí agus príobháideach araon ag teastáil (lena n-áirítear cistí AE agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus maoiniú ó BEI agus ó BEAF) le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach i mbainistiú an uisce agus sa bhonneagar uisce. Trí Chomharsanacht Dheisceart na hEorpa, tá an tAontas i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce a chabhraíonn chun cistiú a chur ar fáil le haghaidh bainistiú uisce, éifeachtúlacht uisce, sláintíochta agus athúsáid fuíolluisce, díthruailliú (go háirithe truailliú plaisteach) agus an oiriúnaithe don athrú aeráide.

3.13. D'fhéadfadh teicneolaíochtaí nua torthaí suntasacha a thabhairt in earnáil an uisce. Chun feabhas a chur ar an mbainistiú uisce, beidh gá le taighde agus nuálaíocht, comhroinnt sonraí agus eolais, agus leanúint freisin den tacaíocht don aistriú chuig réitigh dhigiteacha i réimse an uisce. Tá sé geallta ag an Aontas tacaíocht a thabhairt don taighde ar an uisce, lena n-áirítear an comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht (T&N), e.g. an Chomhpháirtíocht le haghaidh T&N i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) (soláthar uisce don talmhaíocht) a bhfuil cistiú EUR 494 mhilliún ann dó sa tréimhse 2018-2024.

3.14. Ba cheart don Aontas feasacht a mhúscailt ar ról ríthábhachtach an uisce maidir le forbairt inbhuanaithe a chruthú sa gheilleagar, sa tsochaí agus sa chomhshaol. Go háirithe, beidh gá le tuiscint níos fearr ar na naisc idir róil éagsúla an uisce agus idirspleáchais na ngníomhaithe éagsúla. Is nasc coitianta é an nasc idir uisce, fuinneamh agus bia agus ba cheart meastóireacht a dhéanamh air ina iomláine. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh an tAontas cabhrú chun rioscaí a bhaineann le huisce, agus teannas idir gníomhaithe éagsúla, a shainaithint.

3.15. De bhreis ar an múscailt feasachta, d'fhéadfadh an tAontas tacaíocht a thabhairt don oiliúint agus do chumais theicniúla agus bhainistíochta eagraíochtaí a oibríonn in earnáil an uisce, agus don rialachas uisce i gcoitinne, a fheabhsú. D'fhéadfadh ról níos gníomhaí a bheith ag an Aontas freisin maidir le líonraí taidhleoireachta goirme a fheabhsú agus a éascú, ag cur san áireamh go mbíonn comhar idir gníomhaithe éagsúla ag teastáil – ionadaithe rialtais, údaráis agus gníomhaireachtaí uisce, lucht acadúil agus institiúidí taighde, an earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus an deis a thapú le mná a chur chun cinn.

3.16. Bíonn róil lárnacha ag an tsochaí shibhialta maidir le hionstraimí, cláir nó straitéisí nua a chur chun cinn maidir le saincheisteanna uisce. Léiriú ar fhiúntas na hoibre a dhéanann an earnáil shibhialtach atá i dtionscnaimh amhail 'Right2Water', an chéad Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a léirigh go bhfuil ceart ag cách ar uisce agus gur uirlis sa bheartas eachtrach é ([14]). Tá an Comhshocrú Aeráide Eorpach dírithe ar bheith ina spás bríomhar chun faisnéis a chomhroinnt, díospóireacht a dhéanamh ar an ngéarchéim aeráide agus gníomhú ina leith trí shaoránaigh, a n-eagraíochtaí agus gnólachtaí a rannpháirtiú ann.

3.17. Maidir leis an taidhleoireacht ghorm a chur chun cinn le linn comhaontuithe trádála atá tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag tríú páirtithe a bheith á gcur chun feidhme, is uirlisí fiúntacha iad Grúpaí Comhairleacha Baile CESE (DAGanna), toisc go ndéanann siad eagraíochtaí gnó, ceardchumainn agus eagraíochtaí comhshaoil a thabhairt le chéile.

3.18. Tugann CESE le fios gur earra poiblí é an t-uisce agus, ar an ábhar sin, gur cheart rochtain a bheith ag an uile dhuine air, ar phraghas réasúnta. De réir mar atá ag méadú ar an nganntanas acmhainní uisce, feictear cur chuige tráchtála á chur i bhfeidhm i gcás an uisce. Cé go bhféadfadh buntáistí áirithe a bheith ag baint le cur chuige den sórt sin ó thaobh athdháileadh na hacmhainne atá gann, ba cheart bearta a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh na réigiúin uile neamhthuilleamaíoch – trí leas a bhaint as comhaontuithe trádála agus as caibidlíocht, á chur san áireamh gur earra poiblí an t-uisce agus nach gnáth-thráchtearra é agus, i gcás inar gá, trí rialacháin a ghlacadh i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha.

3.19. Amach ó na coinbhinsiúin idirnáisiúnta thraidisiúnta maidir le huisce agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe, tá an iliomad comhlachtaí, ionstraimí agus próisis dhéthaobhacha, réigiúnacha agus dhomhanda ann trínar féidir leis an Aontas rannchuidiú leis an taidhleoireacht uisce.

3.20. Ardaíonn ceist na n-aibhneacha trasteorann san Eoraip roinnt saincheisteanna maidir le truailliú uisce agus comhroinnt uisce, saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Mar a cruthaíodh i gcás Choimisiún na Danóibe, an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR), Choimisiún Idirnáisiúnta Abhantrach na Sava agus Choimisiún an Mosel, tá bailiúchán fiúntach ann d'eispéiris Eorpacha a bhaineann le haibhneacha a bhféadfaí leas a bhaint astu i ngníomhaíochtaí an Aontais um thaidhleoireacht ghorm.

([14]) https://right2water.eu

3.21. Ag féachaint do thaithí na hEorpa i réimse an uisce agus na sláintíochta agus don eolas eolaíoch agus na hacmhainní atá aici, ba cheart – mar chuid d'iarrachtaí gníomhacha na taidhleoireachta goirme – Lárionad Eorpach Uisce a chur ar bun a bheadh ag tuairisciú go díreach d'Ard-Stiúrthóireacht ENV agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí d'fhonn cabhrú leis na Ballstáit agus le tíortha eile aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna uisce i gcomharsanacht na hEorpa agus níos faide i gcéin.

3.22. Chun tionchar an Aontais a neartú, beidh tábhacht le faisnéis a chomhroinnt maidir le cleachtais na taidhleoireachta goirme agus eispéiris na mBallstát. Mar shampla, sheol an Fhionlainn tionscadal maidir le 'Comhar uisce agus síocháin – bealach uisce na Fionlainne' ([15]), a fhéachann le comhar taidhleoireachta uisce na Fionlainne a neartú go hidirnáisiúnta, comhaontuithe trasteorann idirnáisiúnta agus a gcur chun feidhme a fheabhsú, riachtanais na taidhleoireachta uisce ó taobh oiliúna agus forbairt inniúlachtaí de a shainaithint agus freagairt dóibh, agus comhar idir saineolaithe sa bheartas eachtrach agus slándála, in idirghabháil na síochána agus in earnáil an uisce a dhoimhniú.

4. **An Réigiún Meánmhuirí agus Réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh**

4.1. Tá an Réigiún Meánmhuirí á théamh 20 % níos tapúla ná an meán domhanda, agus tá dúshláin mhóra roimhe cheana féin a bhaineann le strus maidir le huisce. Tá fianaise fhairsing ann go mbeidh tionchar ag an athrú aeráide ar an Meánmhuir ar bhealaí éagsúla, go dtabharfar dúshlán thionscal na hiascaireachta agus na bithéagsúlachta de bharr speicis ionracha, go n-éireoidh an réigiún níos tirime agus níos teo agus go méadófar ar dhéine na dteagmhas foircneach agus na dtriomach. Tá méadú ag teacht ar bhagairt an ghaineamhlaithe sna Ballstáit i limistéar na Meánmhara, rud a bhaineann go príomha le réigiúin chósta agus oileánacha.

4.2. In ainneoin difríochtaí suntasacha fo-réigiúnacha, tá dúshláin den sórt céanna roimh réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh (MENA) ina iomláine. Ar na rudaí a spreagann rioscaí a bhaineann le huisce sna tíortha sin tá, i measc nithe eile, méadú an daonra agus méadú ar an éileamh ar uisce, an t-athrú aeráide agus córais bainistithe uisce atá as dáta. Thairis sin, fágann drochrialachas, éilliú agus coinbhleachtaí arís is arís eile go bhfuil sé beagnach dodhéanta frithbhearta a chur chun feidhme.

4.3. Tá réigiúin mhóra san Afraic fho-Shahárach ina bhfuil dúshláin shuntasacha a bhaineann le strus maidir le huisce. Mar thoradh ar easpa freagartha idirnáisiúnta, is dócha go mbeidh rabhartaí imirce, coinbhleachtaí laistigh de stáit agus coinbhleachtaí idirnáisiúnta ann.

4.4. Ós rud é go bhfuil neart tionscal ann a mbíonn uisce ag teastáil uathu chun bheith táirgiúil, e.g. an talmhaíocht agus an fuinneamh, d'fhéadfaí earnálacha eacnamaíocha iomlána i stáit an réigiúin Mheánmhuirí agus réigiún MENA, ar earnálacha iad a rannchuidíonn go mór le OTI, a chur i mbaol de bharr ganntanas uisce. Cuireann CESE i bhfáth nach mór do na tionscail sin dlús a chur lena n-iarrachtaí éifeachtúlacht agus athúsáid uisce a fheabhsú a mhéid is féidir.

4.5. D'fhéadfadh fás neamhshrianta i réimse na turasóireachta tionchar suntasach a imirt ar an strus maidir le huisce ar fud limistéar na Meánmhara. Glactar leis go mbeidh líon na dtaistealaithe domhanda isteach ag méadú i gcónaí sna blianta amach romhainn, rud a thabharfaidh ardleibhéal brú dhaonna mar aon le hathruithe móra ar an talamhúsáid, agus a rachaidh i bhfeidhm go díreach ar ídiú an uisce agus na talún agus ar dhíghrádú na seirbhísí éiceachórais.

4.6. Cé go bhfuil tíortha ar nós Mhálta, Iosrael agus na Spáinne ina gceannairí anois maidir le beartais bainistithe uisce agus éifeachtúlachta uisce, ní leor fós an comhar réigiúnach i gcás an uisce. Mar sin féin, soláthraíonn an Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe an Réigiúin Mheánmhuirí (MSSD) creat beartais comhtháiteach do na geallsealbhóirí uile le go bhféadfar Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a aistriú chuig na leibhéil réigiúnacha, fhoréigiúnacha, náisiúnta agus áitiúla i limistéar na Meánmhara. D'fhéadfadh an tAontas don Réigiún Meánmhuirí, agus an Grúpa Saineolaithe Uisce atá mar chuid den Aontas sin, a bheith úsáideach freisin ós rud é go bhfeidhmíonn sé mar ardán chun faisnéis a chomhroinnt agus chun cuspóirí comhchoiteanna a chur chun cinn, sin agus an taithí atá ag tíortha mar an Iordáin, Maracó agus an Phalaistín ar ghanntanas uisce, mar shampla bearta athléimneachta a fhorbairt chun oiriúnú don suaitheadh a tharlaíonn de thoradh an athraithe aeráide.

4.7. Ós minic a bhí uiscí trasteorann an réigiúin Mheánmhuirí agus réigiún MENA ina gcúis díospóide, rud a chuireann leis na fadhbanna a eascraíonn as an athrú aeráide agus as an ngaineamhlú, tá an acmhainn san Aontas a bheith ceannródaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta agus réigiúnach trí athruithe a bhrú chun cinn, agus leas a bhaint as na hionstraimí beartais atá aige chun réitigh éifeachtacha agus éifeachtúla a lorg san fhadtéarma. Faoi chuimsiú na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta tá níos mó ná EUR 380 milliún geallta ag an Aontas, agus é ag rannchuidiú leis an tionscnamh Global Gateway maidir le gníomhaíochtaí bainistithe uisce trasteorann, i gcomhar le tíortha, eagraíochtaí abhantrach agus comhlachtaí réigiúnacha.

([15]) https://sdgs.un.org/partnerships/water-cooperation-and-peace-finnish-water-way-water-diplomacy-project.

4.8. Tá an tAontas Eorpach, mar chuid den chomhpháirtíocht leanúnach atá aige le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) maidir le slándáil aeráide agus chomhshaoil, tiomanta don nasc idir sábháilteacht agus uisce a bheith sa chomhar trasteorann maidir le bainistiú uisce. D'fhéadfadh Coinbhinsiún 1997 (Sruthchúrsaí Idirnáisiúnta) agus Coinbhinsiún Uisce 1992 de chuid na Náisiún Aontaithe a bheith ina dtreoracha úsáideacha maidir leis an gcomhar trasteorann.

4.9. Tharraing abhantracha trasteorann na Níle, Abhainn na hIordáine, Abhainn Orontes, na Tígrise-na hEofraite agus an Evros/Maritsa aird dhomhanda mar gheall ar dhíospóidí maidir le leithdháileadh uisce le haghaidh óil, uisciúcháin agus giniúint cumhachta. Thug na díospóidí sin dúshlán na síochána agus na cobhsaíochta réigiúnaí.

4.10. Díríodh aird shuntasach freisin ar imchuacha lochanna trasteorann amhail an Mhuir Mharbh, Loch Ohrid, Loch Prespa agus Loch Shkodër i ngeall ar an ról atá acu maidir le cosaint na bithéagsúlachta agus maidir le bagairtí dighrádaithe ó thalmhaíocht neamh-inbhuanaithe, iascaireacht neamhdhleathach agus forbairt na turasóireachta.

4.11. Tá cuid de na bogaigh is tábhachtaí ar domhan sa réigiún Meánmhuirí agus i réigiún MENA, agus tuilleann a gcosaint aird ar leith, maidir leis an mbithéagsúlacht agus maidir le hiascaireacht neamhdhleathach agus acmhainní uisce.

4.12. Ní leor an leibhéal comhair idir Ballstáit áirithe san Aontas a bhfuil aibhneacha acu i gcomhpháirt, amhail an Phortaingéil agus an Spáinn, an Ghréig agus an Bhulgáir.

4.13. Níl comhar sásúil ach an oiread idir Ballstáit áirithe agus tíortha is iarrthóirí a bhfuil aibhneacha acu i gcomhpháirt (amhail an Ghréig agus an Albáin, an Ghréig agus an Mhacadóin Thuaidh, an Chróit agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin). Ag an am céanna, tá dhá dhea-chleachtas ann a bhfuil moladh tuillte acu: 1) an comhar idir na tíortha a bhfuil Córas Uiscíoch an Charst Dhionáraigh acu i gcomhpháirt (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chróit agus Montainéagró), rud a fhágann gur féidir cur chuige náisiúnta agus réigiúnach bainistithe uisce níos fearr a fhorbairt maidir leis an acmhainn fionnuisce uathúil seo chun aghaidh a thabhairt ar chosaint na n-éiceachóras agus chun cáilíocht an uisce a fheabhsú (Unesco IHP 2016). Mar thoradh ar chaomhnú an tsreafa screamhuisce chun na farraige, coimeádtar éiceachórais luachmhara ag acomhal na dtimpeallachtaí talún agus muirí; 2) léiríonn Creat-Chomhaontú 2002 maidir le hAbhantrach na Sava, an chéad chreat iltaobhach iarchogaidh arna ghlacadh ag tíortha na hiar-Iúgslaive, mar ar féidir leis an gcomhar réigiúnach maidir le huisce iarrachtaí i dtreo chothú na síochána a bhrú chun cinn agus a chomhdhlúthú.

4.14. Is maith ann iad creat gníomhaíochta 2030 bheartas uisce an Aontais don Réigiún Meánmhuirí agus ceithre thascfhórsa an chreata sin – WEFE Nexus (an nasc idir uisce, fuinneamh, bia agus an t-éiceachóras), WEM Nexus (an nasc idir uisce, fostaíocht agus an imirce), WASH Nexus (an nasc idir uisce, sláinteachas agus sláintíocht) agus WCCA (gníomhaíochtaí maidir leis an uisce agus an athrú aeráide) –, arna bhforbairt i gcomhpháirt le gníomhaithe éagsúla na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an Chomhpháirtíocht Uisce Dhomhanda (Réigiún na Meánmhara) agus an Líonra Idir-Ioslamach maidir le Forbairt agus Bainistiú Acmhainní Uisce (INWRDAM), trína dtugtar le chéile stáit atá taobh ó thuaidh den Mheánmhuir agus taobh ó dheas di (an Iodáil-an Tuirc, an Ghréig-an Liobáin, Málta-an Éigipt) agus trína ndéantar beartais chomhpháirteacha maidir le bainistiú uisce a chur chun cinn, agus is eiseamláir den scoth iad don réigiún agus do thíortha níos faide i gcéin.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2023.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE